Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Nollaig 2022
(OR. en)

15156/22

**Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0176(COD)**

**CODEC 1824
PECHE 476**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 a mhéid a bhaineann le srianta ar an rochtain ar uiscí an Aontais **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 5 Iúil 2021, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 43(2) CFAE, chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 22 Meán Fómhair 2021[2].

3. An 22 Samhain 2022, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[3].

[1] 10417/21 + COR 1 + ADD 1 + ADD 1 COR 1.
[2] IO C 517, 22.12.2021, lch. 123.
[3] 14975/22.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe dá bhrí sin an méid seo a leanas a dhéanamh:

   – a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE- CONS 56/22 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus Éire ag vótáil ina choinne;

   – a chinneadh go ndéanfar an dearbhú comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus an ráiteas ón gCoimisiún, mar a leagtar amach é in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo, a fhoilsiú i Sraith C de *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

5. Leagtar amach na ráitis le haghaidh na miontuairiscí ó chruinniú na Comhairle in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo.

6. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.